2024/2384

10.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2384 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meán Fómhair 2024

lena dtionscnaítear athbhreithniú ar pháirtí díolmhaithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 88/97 agus lena gcuirtear allmhairí an pháirtí dhíolmhaithe faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1]('an bhun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 13(4) agus Airteagal 14(5) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle an 10 Eanáir 1997 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhach, agus lena dtoibhítear an dleacht leathnaithe ar allmhairí den sórt sin a chláraítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 703/96 [2], agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/45 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 a mhéid a bhaineann le leathnú na dleachta frithdhumpála arna forchur ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle [3] chun allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhdach,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1997 maidir le húdarú na díolúine d'allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón dleacht frithdhumpála a leathnaítear le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle, dleacht a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle [4] ('an Rialachán díolúine'), agus go háirithe Airteagal 9 de,

Tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. TIONSCNAMH EX-OFFICIO

(1) Chinn an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), ar a thionscnamh féin, de bhun Airteagal 9 den Rialachán díolúine, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuideachta Fhionlannach Solo International Oy ('an páirtí faoi athbhreithniú') cuideachta ag a bhfuil údarú díolúine faoi láthair ó na dleachtanna frithdhumpála ar a allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sí ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi Airteagal 8 den Rialachán díolúine nó ag gabháil do mhídhearbhuithe custaim, agus a hallmhairí (cód breise TARIC B940) a chur faoi réir a gcláraithe de bhun Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bun-Rialachán').

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ

(2) Is páirteanna riachtanacha rothair é an táirge faoi athbhreithniú mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 71/97, táirge a dhearbhaíonn Solo International Oy le haghaidh saorchúrsaíochta, nó a dhearbhaítear thar a cheann (cód breise TARIC B940).

3. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM FAOI LÁTHAIR

(3) Is éard atá sna bearta atá i bhfeidhm faoi láthair dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 arna leathnú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/45.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
[2] IO L 16, 18.1.1997, lch. 55.
[3] IO L 16, 21.1.2020, lch. 7.
[4] IO L 17, 21.1.1997, lch. 17.

(4) I gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2362 ón gCoimisiún ([5]), arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1461 ón gCoimisiún ([6]), maidir le hallmhairí a dhearbhaíonn Solo International Oy le cód breise TARIC B940 le haghaidh saorchúrsaíochta, nó a dhearbhaítear thar a cheann, díolmhaítear iad ó íocaíocht na dleachta frithdhumpála.

4. AN FORAS LEIS AN ATHBHREITHNIÚ

(5) Tá faisnéis ar fáil don Choimisiún go bhféadfadh sé gur sháraigh an páirtí faoi athbhreithniú a chuid oibleagáidí mar pháirtí díolmhaithe. Maidir leis na páirteanna riachtanacha rothair arna n-allmhairiú ag an bpáirtí atá faoi athbhreithniú, tá tásca ann go bhféadfadh sé nár úsáideadh iad ina oibríochtaí cóimeála nó i gcóimeáil táirgí eile, gur scriosadh iad, gur ath-onnmhairíodh iad, nó gur athdhíoladh iad le páirtí díolmhaithe eile, agus go bhféadfadh sé gur mí-aicmíodh na hallmhairí sin chun críoch custaim.

5. NÓS IMEACHTA

5.1. Tionscnamh

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, tionscnaíonn an Coimisiún athbhreithniú de bhun Airteagal 9 den Rialachán díolúine, d'fhonn a chinneadh ar cheart an díolúine a deonaíodh do Solo International Oy a chúlghairm, agus chun allmhairí an táirge faoi athbhreithniú a chur faoi réir a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

5.2. Clárú na n-allmhairí

(7) De bhun Airteagal 9(3) den Rialachán díolúine, ó dháta thionscnamh an athbhreithnithe, déanfar allmhairí ón bpáirtí atá faoi athbhreithniú a chlárú de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, chun a áirithiú, i gcás ina ndéanfaí an díolúine a chúlghairm mar thoradh ar an athbhreithniú, go mbeadh feidhm ag dleachtanna frithdhumpála 48,5 % arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/45 maidir leis na hallmhairí sin ó dháta an chláraithe sin. Tá an méid sin gan dochar do dhliteanas custaim eile a d'fhéadfadh eascairt as torthaí an imscrúdaithe seo.

5.3. Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe

(8) Cumhdóidh an t-imscrúdú an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe').

5.4. An chuideachta a imscrúdú

(9) Chun an fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe a fháil, cuirfidh an Coimisiún ceistneoir chuig an bpáirtí faoi athbhreithniú. Ní mór an freagra ar na ceistneoirí a chur isteach laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán seo.

(10) Chun an fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe a fháil, féadfaidh an Coimisiún faisnéis agus cúnamh a iarraidh ar na húdaráis chustaim freisin.

5.5. Aighneachtaí eile i scríbhinn

(11) Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a sholáthar. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán seo.

([5]) IO L 331, 17.12.2015, lch. 30.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1461 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2022 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97 (IO L 229, 5.9.2022, lch. 69).

5.6. **An deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin**

(12) Féadfaidh na páirtithe leasmhara uile éisteacht le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear in Airteagal 3(3) den Rialachán seo. Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú inti. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le céim thionscnaimh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá éis sin, ní mór iarraidh ar éisteacht a chur isteach laistigh de na sprioc-amanna sonracha a leagann an Coimisiún síos ina theagmháil leis na páirtithe.

5.7. **Treoracha maidir le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus maidir le ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras a sheoladh**

(13) Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipcheart. Ní mór do na páirtithe, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchirt tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear go sainráite a) don Choimisiún an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críche an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gceart chun cosanta a fheidhmiú.

(14) Gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar sa Rialachán seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo, cuirfear an lipéad '*Íogair*' orthu ([7]). Páirtithe leasmhara a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi.

(15) Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis '*Íogair*' achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán achoimrí a gcuirfear '*Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara*'orthu. Ba cheart na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach i modh rúin a thuiscint go réasúnta.

(16) Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thabhairt lena iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus den cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

(17) Iarrtar ar pháirtithe leasmhara na haighneachtaí agus na hiarrataí a dhéanamh trí TRON.tdi (https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI) lena n-áirítear cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnae agus de deimhniúcháin.

(18) Chun rochtain a fháil ar TRON.tdi, tá cuntas EU Login ag teastáil ó pháirtithe leasmhara. Tá treoracha iomlána maidir le conas clárú agus conas TRON.tdi a úsáid ar fáil ar https://webgate.ec.europa.eu/tron/resources/documents/gettingStarted.pdf.

(19) Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go gcomhaontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad 'COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA', doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://europa.eu/!7tHpY3.

(20) Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus a seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil, seoladh a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó ríomhphost, seachas i gcás a n-iarrfaidh siad na doiciméid uile a fháil ón gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide go sainráite, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi nó ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

([7]) Is doiciméad 'Íogair' doiciméad a mheastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:
European Commission
Directorate-General for Trade
Directorate G
Office: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË /// AN BHEILG

TRON.tdi: https://webgate.ec.europa.eu/tron/tdi

Ríomhphost: TRADE-BICYCLE-PARTS@ec.europa.eu

6. **Neamh-chomhoibriú**

(21) I gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán díolúine, déanfar an díolúine a chúlghairm i gcás easpa comhair ó aon pháirtí díolmhaithe. Má dhiúltaíonn aon pháirtí díolmhaithe rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, má sholáthraíonn sé faisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar a mheas gur neamh-chomhoibriú é sin.

7. **An tOifigeach Éisteachta**

(22) Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála a iarraidh. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh leis na teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na n-imeachtaí.

(23) Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí/na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú go hiomlán. Ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

(24) Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I gcás ina gcuirfear iarrataí éisteachta isteach lasmuigh de na tréimhsí ama ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna le hiarrataí déanacha den sórt sin, ar chineál na saincheisteanna a ardaíodh agus tionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna an dea-riaracháin agus do chríochnú tráthúil an imscrúdaithe.

(25) Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://policy.trade.ec.europa.eu/contacts/hearing-officer_en.

8. **Sceideal an imscrúdaithe**

(26) Tabharfar an t-imscrúdú chun críche laistigh de 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

9. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(27) Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) a chaithfear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo.

(28) Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: https://europa.eu/!vr4g9W,

([8]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Tionscnaítear athbhreithniú faoi Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 chun a chinneadh an bhfuil Solo International Oy ag urramú a oibleagáidí mar pháirtí díolmhaithe agus ar cheart an díolúine ón dleacht frithdhumpála ar pháirteanna riachtanacha rothair a deonaíodh do Solo International Oy a chúlghairm.

2. An táirge atá faoi athbhreithniú agus a bhfuil díolúine aige, is ionann é agus páirteanna riachtanacha rothair mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 71/97 iad, is iad sin:

— Frámaí péinteáilte nó anóidithe nó snasta agus/nó laicearaithe (cód AC ex 8714 91 10, cóid TARIC 8714 91 10 31, 8714 91 10 35 agus 8714 91 10 39)

— Gabhail tosaigh péinteáilte nó anóidithe nó snasta agus/nó laicearaithe (cód AC ex 8714 91 30, cóid TARIC 8714 91 30 35 agus 8714 91 30 39);

— Giaranna aistreora slabhra (cód AC ex 8714 99 50, cóid TARIC 8714 99 50 91 agus 8714 99 50 99);

— Giaranna cromáin (cód AC ex 8714 96 30, cód TARIC 8714 96 30 90);

— Rothaí sproicéid saor-rotha (cód AC ex 8714 93 00, cód TARIC 8714 93 00 19), bíodh siad curtha i láthair i dtacair nó ná bíodh;

— Coscáin eile (cód AC ex 8714 94 20, cód TARIC 8714 94 20 99)

— Luamháin coscáin (cód AC ex 8714 94 90, cód TARIC 8714 94 90 19), bíodh siad curtha i láthair i dtacair nó ná bíodh;

— Rothaí iomlána, bíodh feadáin, boinn agus sproicéid orthu nó ná bíodh (cód AC ex 8714 99 90, cód/cóid TARIC 8714 99 90 19);

— Hanlaí (cód AC ex 8714 99 10, cóid TARIC 8714 99 10 89 agus 8714 99 10 99), bíodh siad curtha i láthair le gas, luamháin coscán agus/nó giarluamháin ceangailte díobh nó ná bíodh;

agus arna n-allmhairiú ag Solo International Oy (cód breise TARIC B940).

Airteagal 2

Glacfaidh na húdaráis chustaim náisiúnta na céimeanna iomchuí chun na hallmhairí a shainaithnítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo a chlárú, de bhun Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036.

Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

1. Ní mór do pháirtithe leasmhara scéala a thabhairt don Choimisiún le hiad féin a chur in aithne laistigh de 15 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Chun a n-aighneachtaí a chur san áireamh le linn an imscrúdaithe, ní mór do na páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus na freagraí ar an gceistneoir nó aon fhaisnéis eile a chur isteach laistigh de 37 lá tar éis dháta foilsithe an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura sonraítear a mhalairt.

3. Féadfaidh na páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh freisin ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin laistigh den teorainn ama chéanna de 37 lá. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le céim thionscnaimh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú inti.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN